

XV TUGANN EMIL CUAIRT AR PRIOMH STAI SIÚN NA SÍOTHMHAOR

EMIL VISITS POLICE HEADQUARTERS

Shiúbhail an mhórshluagh leo go dtí an staisiún ba goire doibh. Annsin thug an Síothmhaor faisnéis don Árdchonsabal ar ar tharla. Chuir Emil aguisín leis an bhfaisnéis. Fiafruigheadh de cén t-am agus cá háit ar rugadh é cén t-ainm a bhí air agus cá raibh a áit comhnaidhe. Chuir an tÁrdchonsabal síos gach rud i ndubh is i mbán, agus ar sé leis an ngadaidhe, “Cén hainm nó sloinne thusa.”

“Herbert Kiessling” ar sé sin. Chuir sin an triúr gasúr agus Emil Gustav agus an tOllamh, chuir sé ins na tríthibh gáire iad agus níor thaise don tsinséalaidhe é. Tháinig pléascadh gáire ar freisin, agus seachaid sé na seacht bpunt ar an Árdconsábla.

“Ar chualais ariamh a leithéid!” ar Gustav. “Ba é Grundeis a bhí air ar dtús. Annsin cuireann sé Muller air féin. Anois, sé Kiessling é. B’fhearr liom ná rud go deimhin eolas cinnte a bheith agam ar a cheart-ainm, péibí ainm í.” “Eist” arsa an tÁrdchonsabal de ghrúsuacht, “gheobhfaimuid eolas ar a ainm ceart gan mórán moille.” Leis sin dubhairt Herr Grundeis-Muller-Kiessing go raibh sé ag chur faoi i dTeach Aoidheachta Kried faoi láthair. Annsin d’innis sé dáta lae a bhreithe agus an áit ar rugadh é. Dubhairt sé nach raibh aon pháipéar aitheantais aige. “Agus cé raibh tú ag sul má tháinig tú annseo indé?” d’fhiafruigh an tÁrdconsabal de. “Bhíos i nGross Grunan” do labhair an gadaidhe.

“Sin bréag eile ar an tOllamh.” “Eist!” do ghár an tÁrdchonsabal, “is gearr go mbainimid amach an t-eolas sin freisin.” D’iarr an Banc-chléireach cead imtheacht, cuireadh síos a ainm agus a sheoladh. Chuimil sé bos go laghach ar gualainn Emil agus d’fhág sé stáisiún na Síothmhaor. “A Herr Kiessling” ar ghoidis seacht bpunt indé ón mbuachaill sgoile Emil Tischbein, as Neusdadt?” d’fhiafruigh an tÁrdchonsabla. “Rinneas,” d’fhreagar an gadaidhe go gruamdha. “Ní thuigim beirthe ná beo, cén fáth a ndearnas é. Tháinig sé go tobann orm ar fad. Bhí an gasúr, a’ dtuigeann tú, bhí sé ina codladh go sámh i gcúine an charaiste. Thuit an clúdach a raibh an t-airgead ann amach as phóca, agus thógas I mo láimh é. Ní raibh uaim ach féachaint céard a bhí san gclúdach agus mar d’éirigh dom bheith gan phinginn.

“Sin bréag eile” ar Emil. “Ghreamuigh mé an t-airgead le biorán. Ní thiocfadh dó ar aon chuma leis, tuitim amach uaidh féin.” “Agus níorbh é an ganntanas a thug air é a ghoid” adeir an tOllamh, “arae dá mbadh é ní bheadh chuile pinghin d’airgead Emil ina phóca aige maidin indiu. Agus thairis sin d’íoc sé ar mbeatha, ar cóistí híreálta agus ar lionn” do mhinigh

an tOllamh. "Éist!" ar an tÁrdchonsabla. "Gheobhfamuid amach an méid sin freisin, "agus chuir sé síos gach ar dubhradh. "An dtiocfadh leat sgaoileadh liom, beag ná mór, a dhuine uasail, " d'fhiafruigh an gadaidhe den Árdchonsabal. Bhí súile an ghadaidhe ag gabhail timcheall ina chuid mogul le teann múinte. "Ina dhiaidh sin is uile d'amhduigh mé an dul amú. Tá fios ar m'áit comhnaidhe agat. Tháinig mé go Berlín le gnó aithrid a dhéanamh agus ba mhaith liom aire a tabhairt dó. "

"Ná bí chomh teanntásach sin, ná bí dásach, "ar an tÁrdchonsabal agus cochail air go láidir. Chuir sé sgéal telefóin annsin chuig príomh stáisiún na síothmhaor agus d'iarr uirthé an cóiste dubh a chur chuige mar bhíothas tar éis gadaidhe traénach a ghabháil ina cheanntar féin. "Cén uair a gheofas mé m'airgead ar ais?" d'fhiafruigh Emil go cíocrach. "Gheobhfair é ag príomh-stáisiún na síothmhaor" d'fhreagair an tÁrdchonsabla. "Beidh mé ag dul annsin láithreach agus réidhteochar gach uile nidh annsin. "

"Féach Emil" ar Gustav de chogar. "Geobhfair marcaidheacht i gcóiste dubh dul go dtí príomh-stáisiún na síothmhaor. "

"Seafóid" ar an tÁrdchonsabla. "An bhfuil aon airgead agat a Tishbein?" "Tá, a dhuine uasail" d'fhreagair Emil. "Bhailigh na buachaillí roinnt indé agus thug an t-osaruirge atá i dteach aoidheacht deich sgilling dom. "Is fíor-lorgairí sibh gan bhréag" adeir an tÁrdchonsabla go smíogarnach ach go lághach, dar leat. "Seadh" a Tischbein" "téirigh thusa ar an traén fá thalamh go dtí Cearnóg Alasdair, agus déan t'fhaisnéis leis an Sgrúduitheoir Coir, Ludwig. Cloisfidh tú uaidh sin an chéad rud eile a dhéanfar, agus béarfar do chuid airgid duit annsin. " "An mbeadh cead agam na deich sgilling a ais íoc leis an osaruirge ar dtús?" d'fhiafruigh Emil go cinnte. Tháinig an cóiste dubh cupla nóiméad ina dhiaidh sin agus dubhradh le Herr Grundeis-Muller- Kiessing dul isteach ann. Thug an tÁrdchonsabla a fhaisnéis sgríobhtha agus na seacht bpunt do shíothmhaor a bhí i mbun dualgais san gcóiste. Thug sé dó an biorán freisin. Leis sin thiománadh an coiste dubh chun bealaigh. Na gasúr a bhí ar fuaidhramh sa tsráid i gcomhnaidhe liúigheadar ina dhiaidh ar an ngadaidhe. Níor thug seisean aon aire dóibh ámhthach. B'fhéidir gur le bheith ró-uaibhreach dó é as ucht é bheith ag marcaidheacht i gcóiste príomháideach.

Chraith Emil lámh leis an Árdchonsabal agus ghabh sé buidheachas leis ar son a chineáltais. D'innis sí annsin do na gasúr ar an tsráid go dtiubharfaidhe an t-airgead ar ais dó ag príomh stáisiún na síothmhaor i gCearnóg Alasdair agus bhí deire tóraidheacht an ghadaidhe annsin. Chuaidh na gasúir abhaile ina sguan mór fada as a chéile. Níor iarr aon duine ach a cairde dílse féin dul in éinfheacht le Emil go dtí teach aoidheacht Kreid agus an stáisiún fó thalamh. D'iarr Emil orthu sgéal telefóin a chur chuig Dia Máirt beag go luath iar neoin ag innseacht dó gach ar tharla. Dubhairt sé leo féin go mba mhaith leis go mór iad a fheiceál arís sul dá bhfillleadh ar Neustad. Ghabh sé buidheachas leo as íochtar a chroidhe as ucht a ndeanadar dó agus gheall sé an t-airgead a ais íoc leo gan mórán moille.

"Má shíleann tú an t-airgead a thabhairt ar ais dúinn" adeir Emil, "beidh buile orainn. Agus ina theannta sin caithfidh an dreas dornálachta a throid fós thar cionn an culaidh aistigh sin agat. " Éist! Éist! a deir Emil agus rug sé ar lámha ar Gustav agus ar an Ollamh. "Táim chomh suimhneach sásta, dar m'fhocal, go mb'fhearr liom an dreas dornálachta a leagan ar lár.

Táim chomh mor sin faoi chumaoín agaibh nach dtiocfadh sé le mo chroidhe duine agaibh a leagan fúm. "Ní móide go dtiocfadh leat an méid sin a dhéanamh" do labhair Emil, dá mba nach mbeadhtha leath chomh suaimhneas sásta is atáir. "Chuaidh an triúr aca an bealach fó thalamh go dtí príomh-stáisiún na síothmhaor i gCearnóg Alasdair. Is iomdha sin pasáiste a chuireadar díob agus ghabhadar thar na doisiní seomra. I ndeire na dála fuairadar an Sgruiduigheoir Coir Ludwig.

Bhí sé sin ag caitheamh a lóin nuair a tháinig Emil chuige le tuairisc. "Athó!" ar Herr Ludwig agus é a muingailt a chodach. "Emil Sthlbein ár ngobán óg lorgaire. Fógruigheadh ar an telefón go rabhais chugam ar ball. Tá an tÁrdsgrúduigheoir Coir ag feitheamh leat anois féin. Teastuigheann uaidh labhairt leat. Gluais leat le mo chois. "Tischbein is ainm dom," a deir Emil dhá cheartú. "Is ionann le chéile iad" a deir Herr Ludwig agus greim eile dá bhaint den cheapaire aige. "Fanfaidh sinn-ne annseo go dtigir" adeir an tOllamh, agus nuair bhí Emil sgathamh uatha dubhairt Gustav leis: "agus brostuigh ort mar dhéanfadh duine. Cuireann mungailt den tsórt sin an fear gortach orm orm-sa. "Threorúigh Heir Ludwig ar fud go leor pasáistí iad. Chas sé tuathal agus chas sé deiseal, agus tuathal arís.

Annsin bhuail sé cnag ar dhoras. Dubhairt guth os árd "gabh isteach. "D'fhosgail Ludwig an doras beagán, agus ar sé, agus é ag mungailt i gcomhnaidhe, "tá an lorgaire óg tagtha a dhuine uasail, Emil Fischbein. Tá faisneis iomlán agat ina thaobh. "Tischbein is ainm dom" ar Emil dá cheartú "agus is maith an t-ainm é freisin, a deir Herr Ludwig, agus leis an sáthadh a thug sé d'Emil is beag nár tháinig sé sin isteach san tseomra i ndiaidh a mhullaigh. Duine uasal an-laghach a bhí san Árdsgrúduigheoir Coir. Dubhairt sé le Emil bheith ina suidhe ar chathair shócamhail agus a sgéal a innseacht ó thús deire, gach uile fhocal de. Nuair a bhí deire raidthe ag Emil, séard dubhairt an Sgrúduigheoir, "tá an méid sin thart mar sin. Bhéarfad do chuid airgid ar ais duit anois díreach. "A bhuidhe le Dia" ar Emil agus leig sé osna faoisimh agus an t-airgead dhá chur ina phóca aige.

Bhí sí níos airighe arís an turas seo taisge maith a chur air. "Ná leig d'aonduine a bhaint díot arís. "Déarfainn nach leigfeadh, go deimhin. Béarfadh mé liom caol díreach é chuig mo mháthair mhór. Sin é an cheart. Is beag nach raibh sí dearmadadtha agam. "Caithfidh do sheoladh i mBerlin a fhágáil agam. An mbéir i mBerlin go ceann beagán lá?

"Béad. b'áil liom sgathamh beag a chaitheamh" a deir Emil. Sé mo sheoladh 15 Sráid Schumann, faoi chúram Heimbald. Sin é is ainm dom oncal, agus dom aintín chomh maith. D'aile chruthuigh sibh go maith mar bhuachaillí, cruithuigh sin, a deir an tÁrdsgrúduightheoir agus tudóg toirteamhail dá deargadh aige. "Cruithigh, "ar Emil go croidheamhail óna chroidhe. Tá an cheart agat. D'oibrigh na buachaillí go hiongantach in éiinfheacht. "

Bhí Gustav ann agus a bhonnán gluaisteáin. An tOllamh agus Dia Máirt beag, Kaus agus an dá Mhittler, dreathracha, agus an chuid eile. Ba mhór an spóirt go deimhin bheith ag obair in éinfheacht leo, go mór mór leis an Ollamh. Bhí seisean ar fheabhas an

domhain. "Agus ní hamadán thú féin baileach" ar an duine uasal agus gach uile ghail den tudóg dá tharrainngt aige. "Ar mhiste leat ceist a chur ort a dhuine, uasail?" "Céard tá i ndán don ghadaidhe, do Grundeis, nó péibí cé hé? "Táthar tar éis a thabhairt chuig an Oifig

Aitheantais. Déanfar a ghriandealbh annsin agus tógfar lorg rian a méar. Agus ina dhiaidh sin féachfamuid a bhfuil mac asamhail dá griandealbh le fághail i n-áiléir na ngadaidhe.

“Céard é sin?”

“Sin é an áit a bhfuil pictiúirí na ngadaidhthe daortha againn, agus teasbanaidh long a méar freisin, agus lorg cos na ngadaidhthe nach bhfuil gabhtha fós againn ach a bhfuilimid ar a dtóir, an fear sin a robáil thusa is féidir gur robáil sé daoine eile chomh maith. D’fhéadfadh sé go bhfuil gnó againn do, go deimhin, ar mórán adhbhar, má thuigeann tú leat mé. ” “Is fíor sin go deimhin. Níor chuimhnigheas ar an meid sin. ” “Fan nóiméad” ars an sgrúduightheoir lághach mar bhí cloigin an telefóin dá bhualadh. “Seadh, sgéal a mbeadh suim agam ann. Gabh aníos chuig m’oifig, ” sin é a bhí dá rádh aige isteach san ngléas. Annsin chroch sí suas an glacadóir agus ar sé: “ Béidh beirt nó triúr de lucht Nuaidheachta annsin laithrach le eadar-agallaimh a dhéanamh leat. ”

“Cé rud sin?” d’fhiafrúigh Emil. “Séard is eadar-agallaimh ann, go leor ceisteanna a fhiafrúighe.

“Ní hé a tá i gceist agat go mbéidh sgéala i mo thaobhsa ar na nuachtáin?” “Ní dhéanfainn iongantas dhe, ”adeir an Sgrúdaightheoir. “Má gabhann an gasúr sgoile gadaidhe, tá fhios agat, tú a cháil déanta. ”

Buaileadh cnag ar an doras agus seo isteach san seomra ceathrar fear uasal. Chraith an Sgrúduightheoir lámh leo agus d’innis dóibh i mbeagán focal gach ar éirigh d’Emil. Bhí tuairisg dá déanamh go cruinn ag an gceathrar. “Is iongantach an sgéal é” adeir duine de na tuairisctheoirí, “nuair a bhí deire sgríobhtha aige. Buachaill tuaithe ina lorgaire. “Bfhéidir go bhfhostóthá é mar giolla gan éide” adeir fear eile aca agus é ag gáire. “Cad chuige nach ndeachaidh tú caol díreach comh fada le síothmhaor agus an sgéal uile a innseacht dó?” d’fhiafrúigh fear eile aca. Tháinig sgannradh ar Emil. Bhí sí go díreachtar éis chuimhniú ar Árdchonsablaí Jeschike Neustadt agus ar an drimleóid. Goidé a d’éireochadh dó anois?

“Céard deirir” a d’fhiafrúigh an tÁrdsgrúduightheoir. Bhain Emil creachnú as na guailne agus ar sé “d’aile, tá sé chomh maith dom innseacht díbh. Níor labhrúigheas leis na síothmhaoir mar gur smear mé croimbéal cailce agus sróin dhearg ar éadan dhealbh an Árid Diúic Séarlus a tá i Neustadt. Sin é an fath. Gabhtar mé, a dhuine uasal má sé do thoil é. ” Shíl Emil go gcuirfeadh a sgéal gráin ar an gcúigear do féin, ach is amhlaidh a chuir sí ins na tríthibh gáire iad.

“Dia linn a Emil!” adeir an Sgrúduightheoir. Ní gabhfamaois duine de na lorgairí is fearr agam. ” “Ní dhéanfadh? An bhfuilir dá ríre?

Is maith liom-sa sin go deimhin” adeir an buachaill. Annsin dhruid sé suas le fear de na tuairisceoirí agus ar sé leis-sin, “an bhfuil cuimhne ort orm-sa?”

Bhreathnuigh an tuairisceoirí air. “Ní fhéadfainn a rádh go bhfuil” adeir sé. “D’aile, is tú a díoc an táille dom ar thráin 177 tráthnóna indé nuair a bhíos gan phinginn agam. ” “Go cinnte is mé, ”do gháir an tuairisceoir, “tá an ceart agat ar ndóigh. ”

“Cuimhnighin anois air cinnte, agus d’iarr tú fios mo sheoladh orm le go bhféadfá an dá phinginn a ais íoc liom. An bhfuil cead agam a thabhairt duit anois?” ars Emil agus an dá

phinginn dá bhaint as a phóca aige. “Ná bac leis, ná cuimhne ar a leitheid, ars an fear uasal. D’aile dinnis tú t-ainm dom, is cuimhneach liom. ”

“D’innis cinnte, ars Emil, “is minic a chuirim mé féin i n-aithne do dhaoine. Sé Emil Tischbein a tá orm. ” “Agus Kastner is ainm domsa, ”adeir an nuachtóir, agus chraitheadar laimh le chéile. “Go breagh” adeir an Sgrúduightheoir, “seanchairde sibh feicthear dhom.

“Cogar a Emil, ”adeir Herr Kastner, “ar mhaith leat teacht in éinfheacht liom-sa tamaill beag go bhfeictheá an áit a ndéantar na nuachtáin. Ar an mbealach dúinn buailfidimid isteach i dteach tae eicint, agus beidh roinnt cístí agus uachtar greadaighe againn ar dtús. ”

“Nach mbeidh cead agam-sa cuireadh a thabhairt duit? dfhiafhuigh Emil. Beir i d’aoidhe agamsa. ” “Ná bac leis sin caithfidh tusa a bheith i t-aoidhe agam-sa” ar Kastner lán dá ríre.

“Ba mhaith liomm go mór dul in éinfheacht leat” adeir Emil, ach tá an tOllamh agus Gustav ag feitheamh liom taobh amuich. ” D’aile tiocfaidh siad-sin linn freisin” adeir Herr Kastner. Theastuigh ó na nuachtóirí eile tuille ceisteanna a chur air agus thug Emil dóibh gach a raibh uatha de thuairiscí agus sgríobhadar tuille nótaí. “Arbh é seo an chéad choir ag an ngadaidhe?”dfhiafhuigh fear aca. “Ní shílím gurbh é, ” d’fhreagair an Sgrúduightheoir. B’fhéidir go sgéal iongantach a bheadh i ndán dúinn ar ball. Labhraidh liom tríd an telefón a dhaoine uaisle, i gceann uair a cloig pebí sgéal é. ” D’imthigheadar an sin, agus ghabh Emil ar ais go dtí oifig Herr Ludwig in éinfheacht le Herr Kastner. Bhí sé sin ag mungailt a chuid ceapairí i gcomhnaidhe, agus ar sé, “hó! Hó! seo againn Uberbein beag arís. ”

“Tischbein” ar Emil.

Iar sin shac Herr Kastner Emil, an tOllamh agus Gustav isteach i gcóiste hireálta agus thiománadar leo go teach tae. Bhí corr ghrág dá bhaint as a bhonnán gluaisteáin ag Gustav ar an mbealach. Thaithnigh leis na buachaillí an gheit a bhain an bonnán as Herr Kastner. Bhí gliondar thar chionn ar na buachaillí agus iad san teach taé. Bhí sin aca pudóg seilíní agus a sháith uachtair greadaighthe uirthe agus chuireadar síos ar chuile mhíle nídhdár éirigh dóibh, an cabaidil chogaidh. I gCearnóg Niocláis, an tóir a chuireadar ar an ngadaidhe agus iad dá leanacht san gcóiste hireálte, an oidhche a chaitheadar san teach aoidheacht; Gustav é feistiuighthe iné ide an Ghiolla tógacháin agus an sgliúchas a bhí san mbannc, agus nuair a bhí deire ráidthe aca séard dubhairt Herr Kastner, “is sibh an triúr buachaillí is breaghtha dár casadh ariamh liom. ” Siad a bhí ríméadach asta féin agus d’ith gach aon duine aca stiall eile den phudóg seilíní.

Mheabhruigh Emil don Ollamh labhairt ar an telefón le Dia Mairt beag agus sgéal a thabhairt dó ar gach ar tharla. Iar sin thóg Emil agus Herr Kastner bus go ndeachadar chuig oifig an nuachtáin. B’áidhbhéil an foirighneamh an áit ina cló bhuail sí an nuachtán. Bhí sí beagnach comh mór le priomh-stáisiún na síothmhaor i gCearnóg Alasdair. Bhí daoine ag greadadh leo tré na cheile ins na pasáistí. Shílfeá gur ag rith i gcomórtas le chéile i rás thar cladhacha a bhíodar.

Gabhadar isteach i seomra a raibh cailín deas bán ina suidhe. Thosuigh ar Herr Kastner ag siubhal anonn is anall ar fud an tseomra agus ní raibh focal dar innis Emil dó nár dheachtuigh sé don bhruinneall gur sgríobh sise é le na cló-sgríobhneoir. Stadadh sí gach re

seal agus deireadh sé le Emil “an bhfuil sin ceart. ” Ann sin sméidfeadh Emil air go raibh agus ghabhfadh Herr Kastner ar aghaidh leis an deachtú. Annsin ghlaoigh sé ar an Sgrúdaigheoir arís tríd an telefón. “An fíor? nílir dá rádh!” adeir Herr Kastner. “Ní hiongantas go dtí é. Ní maith leat mé dá innseach dó.... agus ina theannta sin.... Go raibh míle maith agat. Sgéal é a chuirfeas léightheoirí an nuachtáin ag caochadh na súl. ”

Chroch sé suas an glacadóir agus bhreathnuigh sí ar an mbuachaill ar chuma go sílfeadh nach bhfaca sí cheanna ariamh é. Agus annsin dubhairt sí go tobann le Emil, corruigh ort a Emil, tearna uait go beo, caithfidh do griandéalbh a dhéanamh. ” “Griandéalbh! mo griandéalbh-sa! cad chuige?” Bhí Emil dhá fhiafhuigh agus iongantas air ach ghéill sé do gach ar theasuigh uathu.

Ghabh sé suas ag marcaidheacht annsin trí léibheann níos áirde. Chuadar isteach i seomra soillseamhail a raibh trí fuinneoga air. Chíor Emil a ghruag go slíoctha san seomra sin agus tógadh a ghriandéalbh. I ndeire thug Herr Kastner isteach i seomra na gclódóirí é agus is annsin a bhí an gliondar ionann díreach agus dá mbeadh deich gcéad cló-sgríbhneoirí ar siubhal in éinfeacht.

Thug Herr Kastner na billeoga a chló sgríobh an bhrúinneall deas dó, agus dubhairt sé leis an gclódóir go mbeadh sé ar ais arís ar ala na huaire, gur tuairist an tabhachtach a bhí ann, ach go béigin dó ar dtús an buachaill a sheoladh abhaile go dtí na mháthair. Chuadar thar sin síos go dtí an bun urlár ar an tsráid agus shiúbhlar amach as an árus. Glaoigh Herr Kastner ar cóiste hireálta, agus thug roinnt airgid don tiománuidhe agus dubhairt leis. Tabhair mo chara óg annseo go dtí uimhir a 15 Sráid Schumann agus é sin chomh mear is féidir leat. Chraitheadar láimh lé chéile go geanamhail, agus ar Herr Kastner, “cuir i gcuimhne do do mháthair mé ach go bfillidh tú ar an mbaile. Caithfidh sé gurbh í an mhuirín dílis fein í. ”

“Sí ar Emil. ”

“Agus rud amháin eile” adeir Herr Kastner de gháir ina dhiaidh agus cóiste hírealta bogtha chun siubhail. “Bí cinnte an nuachtán a léigheadh trathnóna. Bainfear geit astat a ógáin, a mbeidh cuimhne agat air. ” D’iompuigh Emil thairis agus chraith sé a láimh ar Herr Kastner agus chraith Herr Kastner a laimh féin ar Emil. Ní raibh nóiméad go raibh an cornéal sgoitthe ag an tacsá.